Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14364/22**

**SOC 598**
**EMPL 409**
**GENDER 177**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne: Ceapachán Milda JANEIKAITĖ, comhalta malartach don Liotuáin, in ionad Greta TUMĖNIENĖ, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Greta TUMĖNIENĖ éirithe as oifig mar chomhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Liotuáin).

2. Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 an 20 Nollaig 2006[1], foráiltear, *inter alia*, gur cheart don Chomhairle 18 gcomhalta, chomh maith le comhaltaí malartacha, a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne go ceann tréimhse 3 bliana.

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

3. Déanfaidh na 18 gcomhalta agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ag an gComhairle ionadaíocht ar 18 mBallstát in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus ainmneoidh gach Ballstát comhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

4. Tá an t-iarrthóir seo a leanas molta ag Rialtas na Liotuáine chun ionad an chomhalta mhalartaigh atá éirithe as oifig a ghlacadh, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2025:

Milda JANEIKAITĖ
Comhairleoir don ghrúpa um Chomhdheiseanna, Comhionannas idir mná agus fir
An Aireacht Slándála Sóisialta agus Saothair
A. Vivulskio st. 11
LT-03610 Vilnias
Teil.: + 370 660 42045
r-phost: milda.janeikaite@socmin.lt

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena n-ionadaítear comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a ghlacadh mar mhír 'A' agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach
de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí
um Chomhionannas Inscne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne[2], agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaidh an 24 Bealtaine 2022[3], rinne an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Greta TUMĖNIENĖ as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Liotuáine don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

2 IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.
3 IO L 147, 30.5.2022, lch. 42.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Milda JANEIKAITĖ ina comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Greta TUMĖNIENĖ, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh

Thar ceann na
Comhairle
An tUachtarán